**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0267/2023**

19.9.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle
(COM(2023)0426 – C9-0226/2023 – 2023/0252(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Heidi Hautala

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ........................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (COM(2023)0426 – C9-0226/2023 – 2023/0252(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0426),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0226/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir an 6 Meán Fómhair 2023 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0267/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá fabhair thrádála deonaithe ag an Aontas Eorpach (AE) do thíortha i mbéal forbartha trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) ó bhí 1971 ann, trí thrí shocrú éagsúla faoi láthair: GSP caighdeánach, GSP+ agus Gach Ní seachas Airm, an socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt. Tá an scéim atá ann faoi láthair bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 978/2012[1] agus tá feidhm aici go dtí an 31 Nollaig 2023.

An 22 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra[2] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe. D'aisghairfeadh an Rialachán nua Rialachán (AE) 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thiocfadh sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Dheimhnigh Parlaimint na hEorpa cinneadh an Choiste dul i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha maidir leis an gcomhad seo i suí iomlánach an 6 Meitheamh 2022, ar bhonn na tuarascála a glacadh sa Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta an 3 Bealtaine 2022. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach an 31 Eanáir 2023.

Tá an gnáthnós imeachta reachtach ag dul ar aghaidh faoi láthair, ach in ainneoin seacht mbabhta de chaibidlíocht thríthaobhach, níl sé tugtha i gcrích go fóill agus tá baol ann nach mbeidh an Rialachán nua i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2023, nuair a scoirfidh an scéim GSP atá ann cheana d'fheidhm a bheith aici. Dá bhrí sin, tá togra curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún chun síneadh ceithre bliana a chur le ré feidhme Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, d'fhonn leanúnachas a áirithiú maidir le hoibriú na scéime tar éis an 31 Nollaig 2023 agus chun dóthain ama a thabhairt chun an nós imeachta reachtach a thabhairt i gcrích.

Ní leasaítear leis an togra ach dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, lena gcuirtear síneadh leis go dtí an 31 Nollaig 2027.

Má thugtar an chaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú i gcrích go rathúil, déanfar an rialachán seo a aisghairm.

Aontaíonn an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt don 60 tír agus don dá bhilliún duine a thairbhíonn d'fhabhair GSP, mar ábhar práinne. Chun soiléireacht, intuarthacht agus leanúnachas a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha agus do thíortha is tairbhithe chomh maith le creidiúnacht agus seasamh bheartas trádála agus forbartha an Aontais a chosaint, tá sé tábhachtach go gcomhaontófar an síneadh a luaithe is féidir. Idir an dá linn, d'fhéadfaí leanúint leis an gcaibidlíocht maidir leis an rialachán athbhreithnithe.

Ós rud é gur gá an síneadh a ghlacadh agus a fhoilsiú san Iris Oifigiúil faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, agus go bhfuil raon feidhme an-teoranta ag an togra ón gCoimisiún, molann an

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

[2] COM(2021) 579: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Rapóirtéir go nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh gan aon leasú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2023)0426 – C9-0226/2023 – 2023/0252(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 4.7.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>10.7.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Heidi Hautala<br>6.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Roman Haider, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Carles Puigdemont i Casamajó, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Helmut Scholz, Mihai Tudose, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Reinhard Bütikofer, José Manuel García-Margallo y Marfil, Javier Moreno Sánchez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Dietmar Köster, Leopoldo López Gil, Thijs Reuten |
| **Dáta don chur síos** | 19.9.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 29 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Jan Zahradil |
| ID | Roman Haider, Danilo Oscar Lancini |
| NI | Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Leopoldo López Gil, Gabriel Mato, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| Renew | Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Dietmar Köster, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Thijs Reuten, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Mihai Tudose |
| The Left | Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Reinhard Bütikofer, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh